



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

ITIA Translation Competition for Secondary School Students 2022

Calling all budding translators!

The Irish Translators' and Interpreters' Association (ITIA) was set up in 1986 and is the only professional association in Ireland representing the interests of practising translators and interpreters.

Given the success of the translation competition over the past six years, the ITIA is once again organising this competition for secondary school students in Ireland.

Please see page 2 below for the Irish text which is an excerpt from *Tamall Gearr in Albain* by Liam Ó Connacháin (adapted).

A prize of €100 and a certificate will be awarded for the best translation from Irish into English.

The deadline for receipt of translations is:

5 pm, Wednesday, 4 May 2022

Please read the following carefully:

- Completed translations are to be sent as a **PDF attachment** only to: competition@translatorsassociation.ie
- Please include your **name, the name of your school and your school year in your email** when submitting your translation.
- While students are encouraged to do online research and to use dictionaries, the use of a machine translation system such as Google Translate to actually translate the text is not permitted.
- Previous winners may only enter for a language combination for which they have not won a prize.
- Please note: the competition is not open to the families of members of the Association.
- Winners will be announced in September 2022 and, depending on the situation with the COVID pandemic, we hope to hold the prize-giving ceremony once again in Dublin.
- Please address all queries to: competition@translatorsassociation.ie

.../2



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

Excerpt from Tamall Gearr in Albain by Liam Ó Connacháin (adapted)

Nuair a bhí greim bia caite againn, thug muid aghaidh ar Dhoire de shiúl cos. Bhí na cosa an-nimhneach sular tháinig muid a fhad leis an chathair. Níorbh iontas ar bith sin, mar bhí suas le daichead míle siúlta againn ó d'fhág muid an baile. Bheadh an bád ag fágáil ché Dhoire an tráthnóna céanna sin; agus cé go raibh na bróga ag luí ar na cosa againn agus sinn sáraithe amach, b'éigean dúinn deifir a dhéanamh ar eagla go gcaillfimis í. D'éirigh linn breith uirthi, agus is orainn a bhí an lúcháir nuair a chuaigh muid ar bord, mar bhí muid marbh tuirseach cloíte i ndiaidh an turais fhada a bhí siúlta againn.

Ní raibh mise ar bord loinge riamh roimhe sin, agus bhuailead tinneas farraige mé sula raibh an long amuigh thar bhéal an locha. Ní suaimhneas ná pléisiúr a bhí i ndán dom ón nóiméad sin amach, agus is orm a bhí an t-áthas nuair a tháinig muid i dtír i nGlaschú, mar is mé a bhí bréan den long faoin am sin.

Bhí aithne againn ar dhaoine as an bhaile a bhí ag obair in Albain, agus d'imigh muid a lorg cuid acu. Casadh lucht aitheantais go leor orainn. Fuair stócach a bhí ar scoil liom obair domsa i muileann adhmaid agus, dar ndóigh, is orm a bhí an lúcháir an obair a fháil. Cuireadh a shábhadóireacht adhmaid mé agus chonacthas dom go raibh mé ar mhuintir na muice, mar bhí saol socair suaimhneach agam agus pá maith go leor.

Bhí gach rud ag gabháil ar aghaidh go seolta ar feadh thrí seachtaine. I gceann na dtrí seachtaine cé a bhuailead isteach chugam ach mo dheartháir Peadar. D'aithin mé air nach dea-rud a sheol chugam é. Bhagair sé seo is siúd orm mura bhfillfinn abhaile láithreach bonn. Is mé nach raibh sásta. Dúirt sé go raibh go leor oibre sa bhaile dá ndéanfainn í, agus go raibh m'athair agus mo mháthair ag feitheamh go géar liom.

Scríobh mé litir abhaile agus d'inis dóibh go raibh mé ag obair, agus mé breá sásta leis an obair a bhí agam. Shíl mé go bhféadfainn Peadar a bhladar le cead a thabhairt dom fanacht tamall eile. Ach bheadh sé chomh maith agam a bheith ag caiteamh cloch ar an ghealach; ní éistfeadh sé liom. Ar eagla nach rachainn abhaile, níor fhág sé mé go bhfaca sé ar bord loinge ag triall go hÉirinn mé!